



**2017/0035(COD)**

17.6.2020

## TUAIRIM

ón gCoiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe

chuig an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla

maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún  
(COM(2017)0085 – C8-0034/2017 – 2017/0035(COD))

Rapóirtéir don tuairim: Bronis Ropë

PA\_Legam

## RÉASÚNÚ GEARR

Is e atá sa dréacht-tuairim seo ná freagairt don togra reachtach ón gCoimisiún Eorpach chun na rialacha ar ‘choisteolaíocht’ a athrú, an próiseas trína ndéanann coistí saineolaithe - ar a ndéanann saineolaithe ó Aireachtaí ionadaíocht ar na Ballstáit agus a bhfuil an roinn ábhartha ón gCoimisiún Eorpach ina chathaoirleach ann - dlí tánaisteach an Aontais Eorpaigh a shuí, go háirithe gníomhartha cur chun feidhme agus tarmligthe. Is féidir linn, an Pharlaimint, i gcás Gníomhartha Tarmligthe, iad a ghlacadh nó diúltú dóibh, ach ní féidir linn iad a leasú. Sa dréacht-tuairim seo, tá sé d’aidhm ag an Rapóirtéir an méid seo a leanas a chur i gcrích:

- an daonlathas agus dlisteanacht dhaonlathach na gcinntí a dhéantar trí choisteolaíocht a mhéadú;

- an trédhearcacht ag gach céim den phróiseas coisteolaíochta a mhéadú, chun é a dhéanamh níos cuntasáí;

- dreasachtaí a thabhairt do na Ballstáit a bheith níos freagraí agus níos cuntasáí sa ról tábhachtach atá acu;

- é a áirithiú nach bhfágfar cinntí tábhachtacha faoi líon bheag Ballstát, ab amhlaidh an cas dá mba rud é nach raibh staonadh ó vótáil le comhaireamh, rud atá molta anois sa togra ón gCoimisiún.

## LEASUITHE

Iarrann an Coiste um Thalmhaíocht agus um Fhorbairt Tuaithe ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla, mar an coiste atá freagrach, na leasuithe seo a leanas a chur san áireamh:

### Leasú 1

#### Togra le haghaidh rialacháin

#### Aithris 2

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(2) Tá sé cruthaithe go n-oibríonn an córas a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 182/2011 go sásúil i gcleachtas, ar an iomlán, agus gur éirigh leis cothromaíocht iomchuí institiúideach a bhaint amach i dtaobh ról an Choimisiúin agus ról na ngníomhairí eile lena mbaineann. Ba cheart, dá bhrí sin, gan aon athrú a dhéanamh ar fheidhmiú an chórais sin, seachas roinnt leasuithe spriocdhírthe a dhéanamh a bhaineann le gnéithe

*Leasú*

(2) Tá sé cruthaithe go n-oibríonn an córas a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 182/2011 go sásúil i gcleachtas, ar an iomlán, agus gur éirigh leis cothromaíocht iomchuí institiúideach a bhaint amach i dtaobh ról an Choimisiúin agus ról na ngníomhairí eile lena mbaineann. Ba cheart, dá bhrí sin, go leanfar gan aon athrú ar fheidhmiú an chórais sin, seachas roinnt leasuithe spriocdhírthe a dhéanamh a bhaineann le

sonracha den nós imeachta ar leibhéal an choiste achomhairc. Tá na leasuithe sin beartaithe cuntasacht pholaitiúil níos leithne agus úinéireacht gníomhartha cur chun feidhme atá íogair ó thaobh na polaitíochta de a áirithiú ach, mar sin féin, gan freagrachtaí dlíthiúla agus institiúideacha na ngníomhartha cur chun feidhme mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 iad a mhodhnú.

gnéithe sonracha den nós imeachta ar leibhéal an choiste achomhairc, ***a bhfuil a bhfeidhmiú mishásúil***. Tá na leasuithe sin beartaithe chun cuntasacht pholaitiúil níos leithne agus úinéireacht gníomhartha cur chun feidhme atá íogair ó thaobh na polaitíochta de a áirithiú, ***go háirithe maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sábháilteacht bia, cosaint an chomhshaoil, athrú aeráide, agus go gcuirfear san áireamh prionsabal an réamhchúraithe***, ach, mar sin féin, gan freagrachtaí dlíthiúla agus institiúideacha na ngníomhartha cur chun feidhme mar a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 iad a mhodhnú. ***Ba cheart go gceadófar leis na leasuithe sin go gcoinneofar cur chuige eolaíochtbhunaithe sa phróiseas measúnaithe riosca agus sa phróiseas cinnteoireachta.***

## Leasú 2

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 4

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(4) Is léir ón taithí a fuarthas, i dtromlach mór na gcásanna, go mbíodh an toradh céanna ag an gcoiste achomhairc agus a bhíodh ag an gcoiste scrúdúcháin agus ba é neamhthuirim an toradh air sin. Níorbh aon ***chúnamh*** an coiste achomhairc, dá bhrí sin, chun seasamh na mBallstát a shoiléiriú.

## Leasú 3

### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 5

*Leasú*

(4) Is léir ón taithí a fuarthas, i dtromlach mór na gcásanna, go mbíodh an toradh céanna ag an gcoiste achomhairc agus a bhíodh ag an gcoiste scrúdúcháin agus ba é neamhthuirim an toradh air sin. ***Níor chomhlíon*** an coiste achomhairc ***a fheidhm***, dá bhrí sin, ***maidir le*** seasamh na mBallstát a shoiléiriú, ***agus fágadh faoin gCoimisiún an cinneadh a dhéanamh i go leor cásanna.***

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(5) Déanfar foráil le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 go bhféadfaidh an Coimisiún, sna cásanna sin, an dréachtghníomh reachtach a ghlacadh, agus é a fhágáil faoi rogha an Choimisiúin ar an gcaoi sin.

#### **Leasú 4**

##### **Togra le haghaidh rialacháin Aithris 6**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(6) Bíonn an rogha sin níos srianta, áfach, i gcásanna a bhaineann le táirgí nó substaintí a údarú, amhail i réimse an bhia ghéinmhodhnaithe nó na beatha géinmhodhnaithe, toisc go bhfuil sé de dhualgas ar an gCoimisiún cinneadh a ghlacadh laistigh de thréimhse réasúnach agus ní féidir leis staonadh ó chinneadh a dhéanamh.

#### **Leasú 5**

##### **Togra le haghaidh rialacháin Aithris 7**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(7) Cé go dtugtar de chumhacht don Choimisiún an cinneadh a dhéanamh sna cásanna sin, i ngeall ar a íogaire is atá na ceisteanna i dtrácht is ceart do na Ballstáit freagracht iomlán a ghlacadh as a gcúraimí sa phróiseas cinnteoireachta. Ní hamhlaidh

*Leasú*

(5) Déanfar foráil le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 go bhféadfaidh an Coimisiún, sna cásanna sin, ***cur chun feidhme éifeachtach na reachtaíochta a úirithiú***, an dréachtghníomh reachtach a ghlacadh, agus é a fhágáil faoi rogha an Choimisiúin ar an gcaoi sin.

*Leasú*

(6) Bíonn an rogha sin níos srianta, áfach, i gcásanna a bhaineann le táirgí nó substaintí a údarú, amhail i réimse an bhia ghéinmhodhnaithe nó na beatha géinmhodhnaithe, toisc go bhfuil sé de dhualgas ar an gCoimisiún cinneadh a ghlacadh laistigh de thréimhse réasúnach agus ní féidir leis staonadh ó chinneadh a dhéanamh. ***Chuir an tOmbudsman Eorpach i bhfios ina chinneadh ar chás 1582/2014 nach mór don Choimisiún forálacha dlíthiúla atá ann cheana a urramú i dtaca le spriocdhátaí a leagtar síos maidir le orgánaigh ghéinmhodhnaithe.***

*Leasú*

(7) Cé go dtugtar de chumhacht don Choimisiún an cinneadh a dhéanamh sna cásanna sin, i ngeall ar a íogaire is atá na ceisteanna i dtrácht, is ceart do na Ballstáit freagracht iomlán a ghlacadh as a gcúraimí sa phróiseas cinnteoireachta. Ní hamhlaidh

atá, áfach, nuair nach bhfuil na Ballstáit in ann tromlach cáilithe a fháil *i ngeall ar, i measc cúiseanna eile, líon suntasach staonta nó neamhláithreachtaí tráth na vótála.*

atá, áfach, nuair nach bhfuil na Ballstáit in ann tromlach cáilithe a fháil.

#### Réasúnú

*Nuair a foilsíodh an togra ón gCoimisiún, bhí líon suntasach staonadh agus neamhláithreachtaí tráth a ndearnadh vótáil air. Tá go leor athruithe tagtha ar an staid sin ó thús 2019.*

#### Leasú 6

##### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 8

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(8) Chun breisluach an choiste achomhairc a mhéadú, ba cheart a ról a neartú trí ***fhoráil a dhéanamh maidir leis an deis cruinniú eile den choiste achomhairc*** a thionól ***i gcás neamhthuirime***. Is ar leibhéal na n-airí ***is ceart an leibhéal iomchuí ionadaíochta a bheith sa chéad chruinniú eile den choiste achomhairc***, chun a áirithiú go ndéantar cinneadh polaitiúil. ***Chun go bhféadfar cruinniú eile a eagrú, ba cheart cur leis an sprioc-am don choiste achomhairc tuairim a thabhairt.***

#### Leasú 7

##### Togra le haghaidh rialacháin Aithris 8 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

(8) Chun breisluach an choiste achomhairc a mhéadú, ba cheart a ról a neartú ***trína*** thionól ar leibhéal na n-airí, chun a áirithiú go ndéantar plé polaitiúil.

***(8a) Ba cheart do mheasúnóirí riosca anailís shocheacnamaíoch ar údaruithe tairgí a chur san áireamh, ós rud é go bhféadfadh aon leasuithe a mholtar le linn na vótála sa choiste achomhairc moill a chur ar an bpróiseas***

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 9**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(9) Ba cheart na rialacha vótála don choiste achomhairc a athrú chun baol na neamhthuairime a laghdú agus chun spreagadh a thabhairt d'ionadaithe na mBallstát seasamh soiléir a ghlacadh. Chuipe sin, ba cheart a mheas gur Ballstáit rannpháirteacha iad na Ballstáit atá i láthair nó a bhfuil a n-ionadaithe i láthair, agus nach staonann, agus iad siúd amháin, agus an tromlach cáilithe á ríomh. Chun a áirithiú go bhfuil toradh na vótála ionadaíoch, níor cheart vóta a mheas mar vóta bailí ach amháin más baill rannpháirteacha den choiste achomhairc iad tromlach simplí na mBallstát. Mura mbaintear an córam amach sula mbíonn an sprioc-am don choiste cinneadh a dhéanamh istigh, measfar gur neamhthuairim a tháinig ón gcoiste, faoi mar atá i láthair na huaire.**

*scriosta*

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 10**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(10) Ba cheart an deis a bheith ag an gCoimisiún, i gcásanna áirithe, iarraidh ar an gComhairle a dearcaí agus a claonadh a chur in iúl i dtaobh na n-impleachtaí níos leithne a bheadh ann in éagmais tuairime, lena n-áirítear na himpleachtaí institiúideacha, dlíthiúla, polaitiúla agus idirnáisiúnta. Ba cheart**

*scriosta*

*don Coimisiún a chur san áireamh aon seasamh a chuireann an Chomhairle in iúl laistigh de 3 mhí tar éis an tarchuir. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an Coimisiún sprioc-am níos giorra a lua sa tarchur.*

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Aithris 11**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(11) Ba cheart tuilleadh trédhearcachta a bheith ann *i gcás vótaí* ionadaithe na mBallstát *ar leibhéal an choiste achomhairc agus* ba cheart vótaí ionadaithe na mBallstát aonair a phoibliú.

*Leasú*

(11) Ba cheart tuilleadh trédhearcachta a bheith ann *i rith an phróisis, lena n-áirítear maidir leis an bhfaisnéis atá ar fáil go poiblí faoin gcaoi a vótálann* ionadaithe na mBallstát. Ba cheart *cúiseanna suntasacha le haghaidh* vótaí ionadaithe na mBallstát aonair a phoibliú. *Ba cheart go dtabharfar faisnéis mhionsonraithe, lena n-áirítear ar chomhdhéanamh an gcoiste agus an láithreachta acu, ar údarais na mBallstát a bhfuil ionadaíocht á déanamh orthu, ar chláir oibre na gcrúinnithe agus ar na doiciméid agus téacsanna atá á bplé.*

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin  
Airteagal 1 – mír 1 – pointe -1 (nua)  
Rialachán (AE) Uimh. 182/2011  
Airteagal 3 – mír 7 – fomhír 1**

*An téacs atá ann*

(7) I gcás inarb infheidhme, beidh tarchur chuig coiste achomhairc san áireamh sa sásra rialaithe.

*Leasú*

**(-1) in Airteagal 3(7), leasaítear fomhír 1 mar a leanas:**

"(7) I gcás inarb infheidhme, beidh tarchur chuig coiste achomhairc san áireamh *ar leibhéal na n-airí;*"

*(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/HTML/?uri=CELEX:32011R0182&from=EN>)*



**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 1**  
Rialachán (AE) Uimh. 182/2011  
Airteagal 3 – mír 7 – fomhír 6 (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(1) In Airteagal 3(7), cuirtear an séú fomhír seo a leanas leis:** *scriosta*

*“I gcás neamhthuairim ón gcoiste achomhairc de bhun an dara fomhír d’Airteagal 6(3), féadfaidh an cathaoirleach a chinneadh go dtionólfaidh an coiste achomhairc cruinniú eile, ar leibhéal na n-airí. Sna cásanna sin, tabharfaidh an coiste achomhairc a thuairim laistigh de 3 mhí ó dháta an chéad tarchuir.*

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe a**  
Rialachán (AE) Uimh. 182/2011  
Airteagal 6 – mír 1 – fomhír 2 (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(a) cuirtear an dara fomhír seo a leanas le mír 1:** *scriosta*

*“Mar sin féin, ní mheasfar gur baill rannpháirteacha den choiste achomhairc iad aon bhall den choiste achomhairc nach bhfuil i láthair nó nach bhfuil a ionadaí i láthair tráth na vótála nó aon bhall a staonann ón vóta. An tromlach dá dtagraítear in Airteagal 5(1), is é sin an tromlach cáiliithe dá dtagraítear in Airteagal 238(3)(a) CFAE. Ní mheasfar go bhfuil vóta bailí ach amháin más baill rannpháirteacha iad tromlach simplí na mBallstát.”;*

## Leasú 14

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b**  
Rialachán (AE) Uimh. 182/2011  
Airteagal 6 – mír 3 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú*

**(b) cuirtear isteach an mhír 3a seo a leanas:**

*scriosta*

***“3a. I gcás neamhthuírim ón gcoiste achomhairc, féadfaidh an Coimisiún an cheist a chur faoi bhráid na Comhairle chun a tuairim a fháil lena dearcaí agus a claonadh a chur in iúl i dtaobh na n-impleachtaí níos leithne a bheadh ann in éagmais tuairime, lena n-áirítear na himpleachtaí institiúideacha, dlíthiúla, polaitiúla agus idirnáisiúnta. Cuirfidh an Coimisiún san áireamh aon seasamh a chuireann an Chomhairle in iúl laistigh de 3 mhí tar éis an tarchuir. I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh an Coimisiún sprioc-am níos giorra a lua sa tarchur.***

## Leasú 15

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 2 – pointe b a (nua)**  
Rialachán (AE) Uimh. 182/2011  
Airteagal 6 – mír 4 a (nua)

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Leasú.*

**(ba) cuirtear isteach an mhír seo a leanas:**

***“4a. De mhaolú ar mhír 3, i gcás nach dtugtar aon tuairim in ainneoin measúnú riosca dearfach a dheimhnigh go bhfuil táirge a cuireadh isteach chun a údaraithe ar a laghad chomh sábháilte le táirge nó substaint inchoimparáide atá ar an margadh cheana féin, glacfaidh an***

**Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme."**

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/HTML/?uri=CELEX:32011R0182&from=fr>)

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe -a (nua)**

Rialachán (AE) Uimh. 182/2011

Airteagal 10 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

*An téacs atá ann*

*Leasú*

1. Coimeádfaidh an Coimisiún clár d'imeachtaí na gcoistí agus beidh an méid seo a leanas sa chlár sin:

**(-a) leasaítear an chéad mhír mar seo a leanas:**

“1. Coimeádfaidh an Coimisiún clár **poiblí** d'imeachtaí na gcoistí agus beidh an méid seo a leanas sa chlár sin:

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/HTML/?uri=CELEX:32011R0182&from=EN>)

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe -a a (nua)**

Rialachán (AE) Uimh. 182/2011

Airteagal 10 – mír 1 – pointe b

*An téacs atá ann*

*Leasú*

(b) cláir oibre chruinnithe na gcoistí,

**(-aa) i mír (1), leasaítear pointe (b) mar seo a leanas:**

“(b) cláir oibre chruinnithe na gcoistí, **lena n-áirítear na dréachtaí téacs a bhfuil cinneadh le déanamh ina leith agus na doiciméid atá le plé;**”

(<https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/HTML/?uri=CELEX:32011R0182&from=EN>)

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**  
**Airteagal 1 – mír 1 – pointe 3 – pointe a**  
Rialachán (AE) Uimh. 182/2011  
Airteagal 10 – mír 1 – pointe e

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(e) ***na torthaí vótála, lena n-áirítear, i gcás an choiste achomhairc, vótaí ionadaí gach Ballstáit;***

*Leasú*

(e) ***liosta na ndaoine atá ag vótáil, toradh na vótála, mínithe na vótála nó an staonta ó gach Ballstáit, agus an chúis le aon neamhláithreacht;***

## NÓS IMEACHTA – AN COISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR

<b>Teideal</b>	Na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme an Choimisiúin
<b>Tagairtí</b>	COM(2017)0085 – C8-0034/2017 – 2017/0035(COD)
<b>An Coiste Freagrach</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	JURI 1.3.2017
<b>Tuairim ó</b> Dáta a fógraíodh sa suí iomlánach	AGRI 1.3.2017
<b>Rapóirtéir</b> Dáta an cheapacháin	Bronis Ropè 18.9.2019
<b>Dáta an ghlaicthe</b>	11.6.2020
<b>Dáta na vótála críochnaithí</b>	+ : 19 – : 13 0 : 15
<b>Feisirí a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Mazaly Aguilar, Clara Aguilera, Atidzhe Alieva-Veli, Álvaro Amaro, Attila Ara-Kovács, Carmen Avram, Benoît Biteau, Mara Bizzotto, Daniel Buda, Isabel Carvalhais, Asger Christensen, Angelo Ciocca, Ivan David, Paolo De Castro, Jérémy Decerle, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Luke Ming Flanagan, Dino Giarrusso, Francisco Guerreiro, Martin Häusling, Martin Hlaváček, Krzysztof Jurgiel, Gilles Lebreton, Norbert Lins, Chris MacManus, Mairead McGuinness, Marlene Mortler, Ulrike Müller, Maria Noichl, Juozas Olekas, Maxette Pirbakas, Eugenia Rodríguez Palop, Bronis Ropè, Bert-Jan Ruissen, Anne Sander, Petri Sarvamaa, Simone Schmiedtbauer, Annie Schreijer-Pierik, Veronika Vrecionová, Juan Ignacio Zoido Álvarez
<b>Comhaltaí ionaid a bhí i láthair ag an vótáil chríochnaitheach</b>	Franc Bogovič, Francesca Donato, Lena Düpont, Fredrick Federley, Valter Flego, Emmanouil Fragkos, Claude Gruffat, Anja Hazekamp, Pär Holmgren, Ivo Hristov, Jan Huitema, Peter Jahr, Zbigniew Kuźmiuk, Elena Lizzi, Benoît Lutgen, Tilly Metz, Dan-Ștefan Motreanu, Christine Schneider, Michaela Šojdrová, Marc Tarabella, Irène Tolleret, Ruža Tomašić

**TORADH NA VÓTÁLA CRÍOCHNAITHÍ LE GLAO ROLLA SA CHOISTE AR IARRADH TUAIRIM AIR**

<b>19</b>	<b>+</b>
ECR	Mazaly Aguilar, Emmanouil Fragkos, Krzysztof Jurgiel, Veronika Vrecionová
ID	Ivan David
PPE	Álvaro Amaro, Daniel Buda, Salvatore De Meo, Herbert Dorfmann, Jarosław Kalinowski, Norbert Lins, Marlene Mortler, Anne Sander, Petri Sarvamaa, Simone Schmiedtbauer, Christine Schneider, Annie Schreijer-Pierik, Juan Ignacio Zoido Álvarez
S&D	Clara Aguilera

<b>13</b>	<b>-</b>
GUE/NGL	Luke Ming Flanagan, Eugenia Rodríguez Palop
RENEW	Jérémy Decerle
S&D	Eric Andrieu, Adrian-Dragoş Benea, Isabel Carvalhais, Maria Noichl, Juozas Olekas
Verts/ALE	Benoît Biteau, Francisco Guerreiro, Claude Gruffat, Pär Holmgren, Bronis Ropé

<b>15</b>	<b>0</b>
GUE/NGL	Chris MacManus
ID	Mara Bizzotto, Angelo Ciocca, Gilles Lebreton, Maxette Pirbakas
NI	Dino Giarrusso
RENEW	Atidzhe Alieva-Veli, Asger Christensen, Martin Hlaváček, Ulrike Müller, Irène Tolleret
S&D	Attila Ara-Kovács, Carmen Avram, Paolo De Castro, Pina Picierno

Eochair:

+ : i bhfabhar

- : i gcoinne

0 : staonadh